Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Aibreán 2023
(OR. en)

8563/23

FIN 460
INST 133

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Ráiteas comhpháirteach maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA), an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) |

# DRÉACHTRÁITEAS COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHOMHAR IDIR RIALÁLAITHE FUINNIMH (ACER), GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM AN gCLÁR SPÁIS (EUSPA), AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH CHOMHSHAOIL (EEA), AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH CEIMICEÁN (ECHA) AGUS GNÍOMHAIREACHT DRUGAÍ AN AONTAIS EORPAIGH (EUDA)

'I gcomhréir le Pointe 27 den Chomhaontú Idirinstitiúideach (IIA) an 20 Nollaig 2020, aontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an méid seo a leanas, ar bhonn na faisnéise arna tarchur ag an gCoimisiún:

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe do *Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh* (ACER) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais cheannteideal 1 den chreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Cuireadh an méid bliantúil agus na poist sa phlean bunaíochta do ACER don bhliain airgeadais 2023 san áireamh i ndréachtbhuiséad leasaitheach 1/2023. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do ACER do na blianta airgeadais ó 2024 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe do *Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis* (EUSPA) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais cheannteideal 1 den chreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Cuireadh an méid bliantúil agus na poist sa phlean bunaíochta do EUSPA don bhliain airgeadais 2023 san áireamh cheana féin i mbuiséad 2023. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do EUSPA do na blianta airgeadais ó 2024 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe don *Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil* (EEA) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais cheannteideal 3 den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Is in 2024 a chuirfidh an ghníomhaireacht tús leis an obair ar chúraimí an Rialacháin nuashonraithe maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (LULUCF), ach cuireadh an t-athneartú foirne san áireamh i mbuiséad 2023 cheana féin ionas go bhféadfar cromadh ar an earcú roimh dheireadh na bliana 2023. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do EEA do na blianta airgeadais ó 2024 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe don *Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán* (ECHA) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais cheannteideal 3 den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Rachaidh an ráiteas airgeadais athbhreithnithe i bhfeidhm ar an ngníomhaireacht ó 2024 ar aghaidh. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do ECHA do na blianta airgeadais ó 2024 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe do *Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh* (EUDA) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais cheannteideal 5 den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do EUDA do na blianta airgeadais ó 2024 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.